Ceisteanna Coitianta

1. An bhfuil Ord na gCritéar caighdeánach?

   Beidh rogha ag scoileanna maidir le hord na gcritéar seachas go mbeidh an critéar aoise ag an deireadh i gcónaí. Ligfidh sé seo do scoileanna tús áite a thabhairt do pháistí a bhfuil leibhéal líofachta sa Ghaeilge acu más mian leo.

2. An féidir suntas a thabhairt ar fhreastal ar Naíonra a bheith mar chritéar?

   Níl cead anois tagairt, gan trácht ar thús áite a thabhairt, maidir le freastal ar Naíonra. Tá ar an tuiste fianaise a chur os comhair an bhoird maidir le líofacht a pháiste. Ní fianaise ar líofacht é gur fhreastail páiste ar naíonra.

3. An féidir suntas a thabhairt do shiblíní iardhaltaí na scoile de réir na gcritéar sa pholasaí?

   Tá Bord Stiúrtha AFP sásta go mbeadh sé seo ina chritéar roghnach ach go dtuigfidh scoileanna go bhféadfaí go mbrúfaí siblíní reatha síos an liosta dá mbeadh an-ró-éileamh ar an scoil.

4. An féidir suntas a thabhairt do pháistí iardhaltaí na scoile de réir na gcritéar sa pholasaí?

   Ní féidir. Ghlac Bord Stiúrtha AFP an cinneadh nach bhféadfaí suas go 25% d'áiteanna a bheith curtha ar leataobh do pháistí iardhaltaí. Ba chóir go mbeadh iardalta in ann leas a bhaint as an gcritéar líofachta trí bheith ag labhairt Gaeilge lena bpáistí féin.

5. An féidir suntas a thabhairt do pháistí fhoireann na scoile de réir na gcritéar sa pholasaí?

   Is í an chomhairle dlí reatha ná nach féidir suntas a thabhairt do ghairm an tuismitheora/chaomhnóra mar go mbeadh sé i gcoinne an Achta. Tá an chomhairle a fuair An Foras ar fáil, ar iarratas.

   Más mian le scoil é a chur san áireamh ceadóidh AFP é ach caithfidh scoil a dheimhniú go bhfuil tuiscint ag an mbord ar na himpleachtaí maidir le costas dlí a iompar dá mbeadh cás tógtha.

6. Cén fhoclaíocht atá le húsáid maidir le gCritéar na Gaeilge?

   Tá dhá rogha inghlactha ann:

Ceisteanna Coitianta

- Páistí gur deimhin leis an scoil gur ghnóthaigh an dalta leibhéal líofachta sa Ghaeilge agus gur dhócha go rachadh an líofacht sin ar gcúl mura ligfí isteach i scoil lán-Ghaeilge é/í.**

- Páistí gur deimhin leis an scoil gur ghnóthaigh an dalta leibhéal líofachta sa Ghaeilge i suíomh neamhoideachasúil ag cur san áireamh aois agus aon riachtanas speisialta oideachais atá ag an bpáiste agus gur dhócha go rachadh an líofacht sin ar gcúl mura ligfí isteach i scoil lán-Ghaeilge é/í.

7. Conas a mheasfaimid leibhéal líofachta an pháiste a bheidh ag baint leasa as Alt (9)? An bhfuil Foirm/Seicliosta Táscairí Líofachta ar fáil?

   Tá treoircháipéis ullmhaithe ag AFP mar thacú le scoileanna chun líofacht a mheas.

8. Má cuirtear físeán ar fáil mar fhianaise líofachta, cén fhad a bheadh molta?

   Ba cheart go mbeadh na táscairí mar atá leagtha síos ag an mBord Bainistíochta léirithe in aon fhíseán. Níor cheart go mbeadh aon ghá físeán níos faide ná 10 nóiméad a lorg.

9. An mbeidh páistí rangaithe de réir a leibhéal líofachta?

   Ní bheidh. Sásóidh an páiste an leibhéal líofachta atá leagtha síos ag an mBord nó ní shásóidh. Sin an t-aon slat tomhais is féidir a úsáid. Má bhíonn níos mó páistí ar an leibhéal céanna de réir chritéar na Gaeilge ná áiteanna atá ar fáil, beidh feidhm ag na critéir eile ina dhiaidh sin.

10. An leor í tuairim an Phríomhoide tar éis bualadh leis an bpáiste ar cheist na Gaeilge?

    Ní leor. Is fianaise don Bhord atá de dhíth agus is é an bord a dhéanfaidh an cinneadh. Molaimid do scoileanna beirt mhúinteoirí a chur i mbun na hoibre sin, seachas an Príomhoide.

11. An gá faomhadh a fháil don pholasaí seo?

    Is gá. Má dhéantar aon leasú ar an bpolasaí iontrála, tá sé riachtanach cead

an phátrúin a fháil. Teipfidh ar aon achomharc go huathoibríoch mura mbeidh an cead sin faighte ag an scoil. Seol do pholasaí leasaithe chugainn ar rphost (polasaithe@foras.ie)

12. Cá bhfógrófar an Polasaí?

    Foilsigh an polasaí ar an ngnáthbhealach; ar an suíomh idirlín agus/nó eile, seol abhaile le siblíní srl.

13. Cé a shocraíonn an dáta cuí maidir le tús a chur le clárúchán?

    Leagann Bord na Scoile amach an dáta cuí san Fhógra Iontrála a bheidh faofa ag AFP.

14. Ar cheart foráil a chur sa pholasaí do chásanna eisceachtúla?

    Níor cheart foráil do chásanna eisceachtúla i bpolasaí iontrála scoileanna an Fhorais. Tá an chomhairle dlí a fuair An Foras ar an gceist seo ar fáil, ar iarratas.

15. Cad ba cheart a dhéanamh leis na liostaí feithimh uilig atá againn cheana féin do na blianta amach romhainn?

    Tá treoir tugtha ag an ROS go seasfaidh aon ofráil áite (atá déanta i scríbhinn amháin) bunaithe ar liostaí feithimh suas go 2025. Arís ní mór don ofráil a bheith déanta go foirmiúil i scríbhinn roimh an 1ú Feabhra 2020 (dáta teacht chun feidhme Alt 11(a)) agus ní mór glacadh foirmiúil i scríbhinn a fháil faoin dáta glactha atá luaite ar bheartas iontrála na scoile.

    Mura bhfuil an ofráil déanta i scríbhinn, is gá don scoil scríobh chuig na tuismitheoirí ag cur in iúl an cur chuige nua atá sa Pholasaí Iontrála gur gá dóibh a leanúint chun iarratas a dhéanamh ar áit sa scoil mar gheall ar na hathruithe atá tugtha isteach leis an Acht um Ligean Isteach ar Scoileanna 2018.

    Seo an téacs ón Acht Alt 11(a) (Níl leagan Gaeilge ar fáil)

    Notwithstanding subsection (7)(e)(vii), a school may apply a selection criterion based on the date on which an application for admission or an expression of

interest in applying for admission was received by the school where, prior to the coming into operation of this subsection the school had confirmed, in writing, to the person who made the application or expression of interest that the name of the child in respect of whom the application or expression of interest had been made had been placed on a list maintained by the school for the purpose of allocating school places in the school year concerned.